# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2016 – Junior Certificate Examination 2016
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa Triail seo. Cuid A, Cuid B, agus Cuid C.

## Cuid A

### An Chéad Cainteoir
Conas tá sibh? Síle Ní Dhonnabháin ag caint libh. Is as Baile Bhuirne i gContae Chorcaí mé. Is feirmeoirí iad mo thuismitheoirí agus is aoibhinn liom a bheith i mo chónaí faoin tuath. Taitníonn éadaí faiseanta liom. Ghlac mé páirt i seó faisin i mo scoil féin cúpla seachtain ó shin. Ba mhaith liom siopa éadaí a bheith agam amach anseo.

### An Dara Cainteoir
Seán Ó Duibhir an t-ainm atá orm. Tugann m'athair 'Mac na Mílaoise' orm mar rugadh sa bhliain 2000 mé. Níl deartháir ná deirfiúr agam. Tá mé i mo chónaí le m'athair taobh amuigh de Dhún Dealgan i gContae Lú. Tá mo mháthair ag cur fúithi i mBéal Feirste agus caithim go leor ama ansin léi i rith na laethanta saoire.

## Cuid B

### Fógra
Beidh 'Scléip' ar siúl in Amharclann Clasaċ (Clasach) Chluain Tarbh, i mBaile Átha Cliath, Dé Sathairn seo chugainn. Tugann Scléip deis iontach do scolairí na nGaelscoileanna agus na nGaeltachtaí páirt a ghlacadh i saghsanna éagsúla siamsaíochta ar an ardán. Táthar ag súil leis na céadta a bheith i láthair.

### Píosa Nuachta
Deir Comhairle Contae Dhún na nGall go dtig le daoine dul ag snámh arís ar thrá Mhachaire Rabhartaigh. Déardaoin seo caite, tháinig míol mór i dtír leis an taoide. Bhí an míol mór marbh. Bhí sé beagnach cúig mhéadar déag ar fad. Cuireadh an míol mór ar an trá.

educate.ie

**Cuid C**

**Comhrá a hAon**

**Méabh:** An í sin Áine? Méabh Ní Liatháin anseo.
**Áine:** Haigh, a Mhéabh. Chuir mé téacs chugat uair a' chloig ó shin.
**Méabh:** Brón orm a Áine, ach bhí mé gafa leis an agallamh.
**Áine:** Cén t-agallamh, a Mhéabh?
**Méabh:** Agallamh i gcomhair post samhraidh san ollmhargadh áitiúil.
**Áine:** Agus conas a d'éirigh leat, a Mhéabh.
**Méabh:** Fuair mé an post. Tosóidh mé i gceann coicíse. Cad fút féin, a Áine?
**Áine:** Tá árasán againn in Cannes na Fraince agus beimid ag dul ansin, a Mhéabh.
**Méabh:** Le haghaidh fhéile na scannán is dócha, a Áine?
**Áine:** Ní dóigh liom é, a Mhéabh.
**Méabh:** Ligimid an t-árasán ar cíos le linn na féile.

**Cuid C**

**Comhrá a Dó**

**Aisling:** Dia ár sábháil. Cad é a tharla duit, a Mhánais?
**Mánas:** Fuair mé bearradh gruaige, a Aisling, ar son páistí gan dídean.
**Aisling:** Ní insíonn Skype bréig. Níl ribe gruaigh fágtha ar do cheann maol.
**Mánas:** B'fhiú é. Bhailigh mé dhá mhíle cúig chéad euro.
**Aisling:** Maith thú, a Mhánais. Cá ndearnadh an bhearbóireacht?
**Mánas:** In Halla an Phobail i gCluain Eois, a Aisling.
**Aisling:** Agus na daoine atá maol cheana féin, a Mhánais. Cén íobairt a rinne siadsan ar son na cúise?
**Mánas:** Cuireadh smideadh ar a n-aghaidheanna a Aisling.
**Aisling:** Agus péint ar ingne méar agus na gcos, is dóiche.
**Mánas:** 'Sea a Aisling, agus tatúnna sealadacha fosta.